# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1178 ÓN gCOIMISIÚN

**an 7 Iúil 2022**

**gan síneadh a chur le fionraí na ndleachtanna frithdhumpála cinntitheacha arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1784 ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 14(4) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

### 1. **NÓS IMEACHTA**

(1) An 14 Lúnasa 2020, thionscain an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") imscrúdú frithdhumpála ("an t-imscrúdú") maidir le hallmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim ("AFRPanna" nó "an táirge lena mbaineann") de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín" nó an "tír lena mbaineann") ([2]) ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán.

(2) An 12 Aibreán 2021, d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála shealadach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582 ón gCoimisiún ([3]) ("an Rialachán sealadach").

(3) An 11 Deireadh Fómhair 2021, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1784 ón gCoimisiún ([4]) ("an Rialachán cinntitheach"), d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála cinntitheach ar an táirge lena mbaineann. Is idir 14,3 % agus 24,6 % atá rátaí na dleachta frithdhumpála.

(4) An dáta céanna, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1788 ón gCoimisiún ([5]) ("an Cinneadh fionraí"), chuir an Coimisiún an dleacht frithdhumpála chinntitheach ar an táirge lena mbaineann ar fionraí ar feadh tréimhse 9 mí, i.e. go dtí an 11 Iúil 2022.

(5) An 9 Márta 2022, as a thionscnaimh féin, chuir an Coimisiún ceistneoirí chuig Comhlachas Alúmanaim na hEorpa ("EA"), chuig na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, agus chuig gach páirtí leasmhar eile. Ba é cuspóir an cheistneora faisnéis a chur ar fáil trínar féidir leis an Coimisiún a mheas cibé acu a chuirfeadh nó nach gcuirfeadh sé síneadh leis an gceistneoir. Fuarthas barúlacha ó na trí thairgeoir shampláilte de chuid an Aontais agus óna gcomhlachas (EA), ó 14 úsáideoir lena n-áirítear an Cumann Eorpach Soláthróirí Gluaisteán (CLEPA) agus ó 6 allmhaireoir agus a gcomhlachas (EURANIMI). Iarradh ar na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais freisin faisnéis a sholáthar maidir le táscairí díobhála áirithe le haghaidh na tréimhse 8 mí is deireanaí tar éis na tréimhse a ndearnadh anailís uirthi sa Chinneadh fionraí, is é sin ón 1 Iúil 2021 go dtí an 28 Feabhra 2022 (dá ngairfear "an tréimhse anailíse" anseo feasta). Sholáthair siad an fhaisnéis a iarradh maidir le táscairí áirithe. Cuireadh na freagraí isteach ag deireadh mhí an Mhárta 2022.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) IO C 268, 14.8.2020, lch. 5.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/582 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2021, lena bhforchuirtear dleacht shealadach ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 124, 12.4.2021, lch. 40).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1784 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 359, 11.10.2021, lch. 6).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1788 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2021 lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1784 ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 359, 11.10.2021, lch. 105).

(6) Sna freagraí a thug siad, d'iarr roinnt úsáideoirí síneadh a chur leis an bhfionraí. Sa bhreis air sin, an 25 Aibreán 2022, chuir EA iarraidh fhoirmiúil isteach ar dheireadh láithreach a chur leis an bhfionraí.

(7) An 24 Bealtaine 2022, nocht an Coimisiún go raibh sé beartaithe aige gan síneadh a chur le fionraí na mbeart agus d'iarr sé ar na páirtithe barúlacha a thabhairt faoin 2 Meitheamh 2022. Chuir seacht bpáirtí leasmhar aighneachtaí laistigh den sprioc-am a leagadh síos: Thug TDK Hungary Components Kft. ("TDK Hungary"), Euranimi, Valeo Group ("Valeo"), TitanX Holding ("TitanX"), Airoldi Metalli S.p.a. ("Airoldi"), SATMA agus Lodec Metall-Handel ("Lodec"). TDK Foil Italy SpA ("TDK Italy") barúlacha tar éis an sprioc-ama nár cuireadh san áireamh dá bharr.

(8) Tar éis an nochta, mhaígh Airoldi gur sáraíodh a chearta cosanta toisc gur bhain an Coimisiún úsáid as sonraí EA, go háirithe maidir le forbairtí sa mhargadh agus acmhainneacht, sonraí nach raibh ar fáil do na páirtithe eile. Mar sin féin, thug an Coimisiún faoi deara go raibh sonraí EA bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag a gcomhaltaí uile agus gur sholáthair EU leagan neamhrúnda de na sonraí sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na páirtithe uile a gcearta cosanta a fheidhmiú agus barúlacha a thabhairt de na sonraí a soláthraíodh. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(9) Mhol páirtithe leasmhara áirithe leasuithe ar na bearta, amhail táirgí áirithe a eisiamh ó raon feidhme an bhirt, sin nó cuóta d'allmhairí saor ó dhleacht a thabhairt isteach. Mheabhraigh an Coimisiún gur, de bhun Airteagal 14(4) den bhun-Rialachán, ní féidir leis a chinneadh ach síneadh a chur leis an bhfionraí ar feadh tréimhse nach faide ná aon bhliain amháin, sin nó gan síneadh a chur leis an bhfionraí. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta arna bhforchur leis an Rialachán cinntitheach. In Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán foráiltear maidir le nós imeachta sonrach le haghaidh athbhreithnithe eatramhacha. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

## 2. SCRÚDÚ AR DHÁLAÍ AN MHARGAIDH AGUS AR OIBREOIRÍ AR MHARGADH AN AONTAIS LE LINN POA

(10) Foráiltear le hAirteagal 14(4) den bhun-Rialachán go bhféadfar, chun leas an Aontais, bearta frithdhumpála a chur ar fionraí i gcás ina bhfuil athrú sealadach tagtha ar dhálaí margaidh a mhéid nach dócha go ndéanfaí díobháil arís de dheasca na fionraí.

(11) An 12 Deireadh Fómhair 2021, cuireadh na bearta ar fionraí toisc gur shuigh an Coimisiún go raibh éagothroime shealadach idir soláthar agus éileamh sa tréimhse téarnaimh iar-COVID-19, agus go raibh staid eacnamaíoch thionscal an Aontais tar éis dul i bhfeabhas le linn an chéad seimeastair de 2021 le hais na tréimhse imscrúdúcháin ("IP", an 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020) agus le hais 2017 (an bhliain is fearr den tréimhse faoi bhreathnú le linn an imscrúdaithe bunaidh). Bhí coinne leis go leanfadh treochtaí dearfacha staid eacnamaíoch thionscal an Aontais le linn thréimhse fionraíochta 9 mí, agus nár dhócha dá bhrí sin go dtarlódh an díobháil arís mar gheall ar an bhfionraí. Measadh gur athruithe sealadacha a bhí sna hathruithe ar dhálaí an mhargaidh áfach.

(12) Le hAirteagal 14(4), foráiltear go bhféadfar síneadh a chur leis an bhfionraí ar feadh tréimhse nach faide ná aon bhliain amháin. Chun a chinneadh an gcuirfí síneadh leis an bhfionraí nó nach gcuirfí, rinne an Coimisiún anailís ar dhálaí reatha an mhargaidh le linn na tréimhse anailíse agus ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais agus ar thuairimí na n-úsáideoirí chomh maith.

### 2.1. Dálaí an mhargaidh

(13) Le linn na tréimhse anailíse, tháinig laghdú mór ar tomhaltas an Aontais, is é sin le rá 13,5 % le hais an chéad seimeastair de 2021 ([6]). Tharla an buaic-éileamh sa chéad seimeastar de 2021, nuair a mhéadaigh sé 27 % le hais na tréimhse imscrúdúcháin agus tháinig laghdú mór ar le linn na tréimhse anailíse.

(14) Tar éis an nochta, mhaígh Valeo nár soláthraíodh foinse na bhfigiúirí tomhaltais ná míniúcháin i ndoiciméad an nochta, agus go raibh na figiúirí sin ag teacht salach ar na sonraí a sholáthair EA le haghaidh na tréimhse anailíse. Luaigh an Coimisiún gur léirigh doiciméad ginearálta an nochta cheana féin gurbh é EA a sholáthair na sonraí. Ríomh an Coimisiún an tomhaltas le haghaidh na tréimhse anailíse trí na hallmhairí iomlána a chur le méid díolachán thionscal an Aontais. Le haghaidh comparáid ceart leis an gcéad seimeastar, rinneadh athríomh ar na figiúirí tomhaltais a cuireadh i láthair in aithris (12) ó na sonraí a sholáthair EA in aghaidh an tseimeastair ([7]). Dá bhrí sin, bhraith an Coimisiún ar na sonraí a sholáthair EA le haghaidh na tréimhse anailíse agus dhiúltaigh sé don mhaíomh sin dá bharr.

([6]) Ó 1 331 005 thona sa chéad seimeastar de 2021 go dtí 1 150 832 thona sa tréimhse anailíse.
([7]) Is é sin trína roinnt ar 8 (an líon míonna a chumhdaigh an tréimhse anailíse) agus trína iolrú ar 6.

(15) Tar éis an nochta, d'áitigh Euranimi, Airoldi agus Lodec maidir leis an laghdú san éileamh a suíodh, gur rud é sin a tháinig salach ar an tuar go dtiocfadh méadú 40 % ar éileamh domhanda alúmanaim faoi 2030 de réir tuarascáil le CRU International. Mar sin féin, luaigh an Coimisiún nach raibh an staidéar sin teoranta do AFRPanna amháin ach gur bhain sé le táirgí alúmanaim de gach saghas. Thairis sin, níl bhaineann ach codán den fhás iomlán (14 %) atá tuartha leis an Eoraip (ní hamháin an Aontais ach tíortha Eorpach eile freisin). Ar deireadh, níor tháinig an tuar sin salach ar thorthaí an Choimisiúin ó tharla gur bhain siad leis an tréimhse anailíse agus le peirspictíochtaí gearrthéarmacha fáis, murab ionann agus an staidéar a bhain le peirspictíochtaí fáis sna hocht mbliana amach romhainn. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(16) I míonna tosaigh na bliana 2022, d'fhéadfaí na treochtaí seo a leanas a thabhairt faoi deara: de réir thuarascáil CRU ([8]), bhí an t-éileamh ar tháirgí alúmanaim rollta san Eoraip fós sásúil, bunaithe ar stoc-charnadh tar éis an chogaidh san Úcráin, agus ar an earnáil tógála atá fós i mbun gníomhaíochta. Ar an taobh eile, ba lag é an t-éileamh ón earnáil mótarfheithiclí mar gheall ar ghanntanais leanúnacha leathsheoltóirí agus ganntanas seolta sreang de thionscnamh na hÚcráine. Meastar go mairfidh an staid sin ar feadh roinnt míonna. Maidir leis an earnáil tógála, luaitear sa tuarascáil chéanna an baol go mbeidh níos lú tionscadal ann mar gheall ar an mboilsciú ard.

(17) Ó thaobh an tsoláthair de, mhéadaigh tionscal an Aontais a acmhainneacht tar éis na tréimhse imscrúdúcháin (+ 20 %) agus níor tháinig méadú ar an úsáid, agus d'fhan sé thart ar 80 %. Dá bhrí sin, tá sé d'acmhainn ag tionscal an Aontais an táirgeacht a mhéadú.

(18) Tháinig méadú mór ar phraghsanna na bpríomh-amhábhar (alúmanam, maignéisiam) agus an fhuinnimh le linn na tréimhse ar fad ón tréimhse imscrúdúcháin, mar gheall ar an téarnamh iar-COVID go príomha. Is measa fós atá na méaduithe sin mar gheall ar ionsaí míleata gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin. Is dócha go leanfaidh an treocht sin sna míonna amach romhainn. Beidh tionchar aige sin ar phraghas AFRPanna agus cuirfear srian leis an éileamh foriomlán ar na táirgí sin dá bharr.

(19) Maidir le hallmhairí miotail ón Rúis, lena n-áirítear alúmanam príomhúil, laghdaigh tionscal an Aontais a n-allmhairí ó 22 % in 2015 go dtí thart ar 11 % in 2021. Ina theannta sin, cáin onnmhairiúcháin 15 % a d'fhorchuir an Rúis ar alúmanam príomhúil, tháinig sé in éag an 31 Nollaig 2021 ([9]) mar a beartaíodh i dtús báire. Dar le tionscal an Aontais, ní ann d'aon ghanntanas alúmanaim phríomhúil nó alúmanaim leathchríochnaithe in ainneoin na smachtbhannaí i gcoinne na Rúise, a bhfuil tionchar diúltach láidir acu ar an trádáil leis an Rúis i gcoitinne cé nach mbaineann siad go díreach le táirgí alúmanaim.

(20) I bhfianaise a bhfuil thuas, is cosúil gur sroicheadh an buaic-éileamh sa chéad seimeastar de 2021. Léirítear é sin leis na horduithe a glacadh isteach, rud a laghdaigh 12 % le linn na tréimhse anailíse le hais an chéad seimeastair de 2021, mar a mhínítear in aithris (33) thíos. Sa bhreis air sin, bhí na gnáthagaí seachadta ann arís sa tréimhse anailíse: 5-7 seachtaine de réir tuarascáil CRU ó mhí Aibreáin 2022, agus 6-8 seachtaine dar le EA ([10]). Tá sin i bhfad níos giorra i gcomparáid leis an gcéad seimeastar de 2021, ina raibh tréimhse idir 6 mhí agus 10 mí i gceist leis an aga seachadta uaireanta. Dheimhnigh roinnt úsáideoirí an laghdú ar agaí seachadta.

(21) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid maidir leis an éagothroime idir soláthar agus éileamh a bhí ina saintréith den chéad seimeastar de 2021, gur tháinig laghdú mór ar an éagothroime sin le linn na tréimhse anailíse. Cé nach bhfuil sé cinnte cad a tharlóidh amach anseo, is cosúil go bhfuil deireadh leis an mbuaicphointe éilimh sa tréimhse téarnaimh iar-COVID mar a léiríonn an laghdú mór ar na hordaithe a glactar isteach agus ar na hagaí seachadta. Tá roinnt éiginnteachta ann áfach maidir le héileamh a bheidh ann amach anseo ón dá earnáil iartheachtacha, i.e. an earnáil mótarfheithiclí agus an earnáil tógála.

## 2.2. **Staid thionscal an Aontais**

(22) Tháinig laghdú 12,8 % ar méid na ndíolachán san Aontas sa tréimhse anailíse i gcomparáid leis an gcéad seimeastar de 2021, ó 1 056 668 dtona go dtí 921 701 thona. I gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú 36 % ar mhéid na ndíolachán, i gcomparáid le 2017, ba é 17 % an méadú a tháinig orthu.

([8]) Monatóir táirgí alúmanaim CRU, tuarascáil Aibreán 2022.
([9]) https://steelnews.biz/russia-lifts-aluminium-alloys-export-tax/
([10]) Sa Chinneadh fionraí (aithris 30) sainíodh an gnáthaga seachadta mar 4 seachtaine - 12 sheachtain.

(23) Tar éis an nochta, mhaígh Valeo go raibh na sonraí a chuir EA ar fáil sa tréimhse anailíse ag teacht salach ar na treochtaí díolachán agus táirgeachta a leagadh amach i ndoiciméad an nochta. Mar a mhínítear in aithris (14) thuas, chun gur féidir comparáid cheart a dhéanamh leis an gcéad seimeastar de 2021, rinne an Coimisiún na sonraí a chuir EA isteach ar bhonn seimeastair a athríomh agus chuir sé modheolaíocht chomhchosúil i bhfeidhm maidir leis na tréimhsí eile comparáide (2017 agus an tréimhse imscrúdúcháin) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(24) Tháinig méadú leanúnach ar phraghsanna AFRPanna san Aontas ó mheánphraghas EUR 2 703 an tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin go dtí EUR 2 879 an tona sa chéad seimeastar de 2021, agus tháinig méadú níos tapúla orthu ansin go dtí EUR 3 555 an tona sa tréimhse anailíse. Sin méadú 23 % idir an chéad seimeastar de 2021 agus an tréimhse anailíse. Ba toradh é sin ar an méadú ar an éileamh sa chomhthéacs iar-COVID agus ar an méadú ar phraghsanna na n-amhábhar (alúmanam príomhúil, maignéisiam) agus an fhuinnimh.

(25) Na húsáideoirí, lena n-áirítear Euranimi, Lodec agus Airoldi Metalli, chuir siad i bhfios ina gcéad aighneachtaí, agus tar éis an nochta chomh maith, go raibh méadú an-mhór ar an táille comhshó (+ 100 % agus suas le + 160 %, dar leis na húsáideoirí sin). Measann an Coimisiún gur tháinig méadú 8 % ar an táille comhshó ([11]) idir an tréimhse iar-IP (an dara seimeastar de 2020 agus an chéad seimeastar de 2021) agus an tréimhse anailíse. Ag brath ar an díolachán sonrach (cén cuideachta nó grúpa cuideachtaí atá i gceist, cibé acu an raibh nó nach raibh an díolachán sin cuid de chonradh fadtéarma, cén cineál táirge atá i gceist, etc.) agus na tréimhsí ama faoi bhreathnú, is féidir leis an táille comhshó a bheith an-éagsúil, ach ar an iomlán ba chosúil go raibh tuiscint ghinearálta i measc na bpáirtithe leasmhara go léir gur mhéadaigh an táille comhshó. D'fhéadfaí an méadú sin a mhíniú go pointe áirithe leis an méadú ar chostais táirgthe seachas costas an alúmanaim phríomhúil (praghsanna fuinnimh agus amhábhar amhail eilimintí cóimhiotalaithe méadaithe), agus go pointe áirithe leis an mbrabús méadaithe de chuid tháirgeoirí an Aontais.

(26) Maidir leis an sciar den mhargadh, sa bhliain tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, bhí méadú ar dhíolacháin thionscal an Aontais ina chúis le méadú ar sciar margaidh an Aontais (ó 64,8 % sa tréimhse imscrúdúcháin go dtí 79,4 % le linn an chéad seimeastair de 2021). Coinníodh an leibhéal sin den sciar den margadh le linn na tréimhse anailíse (80,1 %) toisc go ndeachaigh laghdú ar méid na ndíolachán in éineacht le laghdú ar thomhaltas, mar a leagtar amach in aithris (13) thuas.

(27) Le linn na tréimhse anailíse, tháinig laghdú 2 % ar mhéid na táirgeachta i gcomparáid leis an an gcéad seimeastar de 2021. I gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú 22 % ar tháirgeacht, agus i gcomparáid le 2017, ba é 9 % an méadú a tháinig uirthi.

(28) Tháinig laghdú beag 1,3 % ar an acmhainneacht le linn na tréimhse anailíse i gcomparáid leis an gcéad seimeastar de 2021. I gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú mór 20,8 % an acmhainneacht, agus i gcomparáid le 2017, ba é 23 % an méadú a tháinig uirthi. Thairis sin, ní raibh tionchar a thuilleadh ag an méid seo a leanas ar an acmhainneacht a bhí ar fáil:

(i) éifeachtaí an laghdaithe a rinne roimhe seo ar an acmhainneacht ghníomhach, arna gcur in iúl in aithrisí (29) agus (26) den Chinneadh fionraí, le linn phaindéim COVID -19, nár breathnaíodh iad a thuilleadh le linn na tréimhse anailíse. agus

(ii) ganntanas sealadach an alúmanaim leathchríochnaithe agus an alúmanaim phríomhúil a tharla linn na tréimhse iar-IP (féach aithrisí 29 agus 31 den Chinneadh fionraí). Mar a léirítear in aithris (18), cé go bhfuil méadú suntasach tagtha ar phraghsanna alúmanaim phríomhúil, maignéisiam agus fuinnimh, tá siad fós ar fáil agus ní bheadh tionchar acu ar an acmhainneacht iarbhír.

(29) D'fhan úsáid acmhainneachta réasúnta cobhsaí, ag 80,8 % sa tréimhse anailíse i gcomparáid le 81,5 % le linn an chéad seimeastair de 2021 agus 91,3 % in 2017. Laghdaigh méid na n-orduithe le haghaidh an táirge lena mbaineann 12 % i gcás na gcuideachtaí sampláilte le linn na tréimhse anailíse i gcomparáid leis an gcéad seimeastar de 2021, agus bhí sé beagán níos ísle (2 %) ná mar a bhí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí leibhéal na n-orduithe níos ísle ná mar bhí sa tréimhse imscrúdúcháin agus níos ísle fiú ná mar a bhí in 2017 ([12]). Léiríonn sé sin nach mbeidh tionscal an Aontais curtha in áirithe go hiomlán sna míonna amach romhainn.

([11]) Is éard atá i gceist leis an táille comhshó - a bheag nó a mhór - an difríocht idir na praghsanna díolachán agus praghsanna LME (3 mhí) an alúmanaim phríomhúil. Chun na praghsanna díolachán a shuí, d'úsáid an Coimisiún an fhaisnéis arna soláthar ag na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Féach tábla 2 thíos. Chun praghsanna LME (3 mhí) a shuí, d'úsáid an Coimisiún Fastmarket mar fhoinse. Baineadh amach na sonraí ar bhonn laethúil agus úsáideadh iad chun meáin a ríomh le haghaidh an dá thréimhse: mí Iúil 2020 go dtí mí an Mheithimh 2021 agus mí Iúil 2021 go dtí mí Feabhra 2022 (an tréimhse anailíse). Rinneadh na meáin sin a chomhshó ó USD go dtí EUR trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte oifigiúla (na meáin le haghaidh na dtréimhsí comhfhreagracha). Ba iad EUR 1 710 agus EUR 2 431 faoi seach na meánphraghsanna LME le haghaidh an dá thréimhse.

([12]) Mar sin féin, áiríodh roinnt táirgí as an raon feidhme sna sonraí ó 2017 a sholáthair EA.

(30) Tar éis an nochta, d'áitigh Valeo go bhfuil an laghdú ar an acmhainneacht comhsheasmhach leis an easpa soláthair agus nach raibh úsáid acmhainneachta 100 % ag tionscal an Aontais riamh. Dá bhrí sin, níl aon acmhainneacht bhreise aige agus ráta úsáidte 80,8 % aige sa tréimhse anailíse. Ar deireadh, d'áitigh Valeo gur bhréagnaigh torthaí an Choimisiúin maímh an úsáideora go bhfuil easpa acmhainneachta ag tionscal an Aontais. Ar an gcéad dul síos, d'ainneoin mhaímh Valeo, chinn an Coimisiún gur tháinig méadú 20,8 % ar an acmhainneacht sa tréimhse anailíse i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin agus gur tháinig méadú 23 % air i gcomparáid le 2017. Ar an dara dul síos, an argóint nach bhfágann ráta úsáide acmhainneacht 80,8 % spás d'acmhainneacht bhreise, rud a tháinig salach ar thorthaí an Choimisiúin sa Rialachán cinntitheach ([13]) gur oibrigh tionscal an Aontais ag úsáid acmhainneachta 91,3 % in 2017. Thairis sin, níor chuir Valeo in aghaidh thorthaí an Choimisiúin nach raibh an acmhainneacht iarbhír/ghníomhach éagsúil a thuilleadh leis an acmhainneacht dhearbhaithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(31) Tar éis an nochta, d'éiligh Euranimi, Airoldi agus Lodec nár leor an infheistíocht a rinne tionscal an Aontais in acmhainneacht nua le 20 nó 30 bliain anuas. Níor chuir aon cheann de na páirtithe aon fhianaise ar fáil a thacaíonn leis an maíomh seo, áfach, agus bhain sé go sonrach le AFRPanna. Os a choinne sin, sa Rialachán cinntitheach ([14]), chinn an Coimisiún gur tháinig méadú 2 % ar an acmhainneacht sin le linn na tréimhse a faoi bhreathnú agus 20 % sa tréimhse anailíse. Dá bharr sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(32) D'áitigh Euranimi agus Airoldi freisin go raibh ar roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais acmhainneachtaí rollta a réchasadh i ngeall ar easpa alúmanaim phríomhúil. Is é an míniú a bheadh ar an nganntanas sin i bpáirt, an laghdú is mó ná 30 % ar tháirgeacht alúmanaim phríomhúil san Aontas Eorpach ó bhí 2000 ann. Leis an nganntanas sin, chuirfí teorainn bhreise ar acmhainneacht thionscal an Aontais AFRPanna a sholáthar. Mhínigh EA, áfach, nach bhfuil aon ghanntanas alúmanaim phríomhúil ann agus go bhfuil tionscal an Aontais in ann é féin a sholáthar ó thríú tíortha. Deimhníodh an méid sin toisc gur tháinig méadú ar allmhairí alúmanaim phríomhúil isteach san Aontas idir mí Eanáir agus mí Aibreáin 2022 i gcomparáid le mí Eanáir-mí Aibreáin 2021. Ina theannta sin, luaigh Coimisiún gurbh ionann na stoic alúmanaim phríomhúla dhomhanda sa dara ráithe de 2022 agus leibhéil [9,2-10,7] billiún tona ([15]), a bhí níos ísle ná na leibhéil 2020-2021 ([10,1-11,4 billiún tona ar an meán), ach a bhí inchomparáide leis na leibhéil réamh-COVID in 2019 [9,1-10,5] billiún tona ar an meán. Bhí stoc na dtáirgeoirí Eorpacha, is é sin ([310 000-330 000] tona) sa chéad ráithe de 2022, ag teacht freisin le meán na 3 bliana a chuaigh thart ([320 000-340 000] tona idir 2019-2021). Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, cé go bhfuil teannas fós ann i roinnt margaí amhábhar, lena n-áirítear margadh an alúmanaim phríomhúil, gur feiniméan domhanda é sin nach mbaineann go sonrach le margadh an Aontais agus go raibh soláthairtí alúmanaim phríomhúil ar fáil do thionscal an Aontais, cé go bhfuil na praghsanna orthu ag dul i méid go ginearálta. Diúltaíodh dá bhrí sin don mhaíomh go gcuirfeadh staid an mhargaidh sin teorainn le hacmhainneacht thionscal an Aontais táirgeadh a dhéanamh, go háirithe i gcomparáid lena iomaitheoirí Síneacha.

(33) Tháinig feabhas ar bhrabúsacht agus shroich sé 2,8 % sa tréimhse anailíse. Bhí an bhrabúsacht -1,8 % sa tréimhse imscrúdúcháin agus 1,9 % sa chéad seimeastar de 2021, ach d'fhan an bhrabúsacht sa tréimhse anailíse faoi bhun an bhrabúis 3,1 % a baineadh amach sa bhliain tagartha 2017, agus bhí sí i bhfad faoi bhun an chorrlaigh íosta brabúis 6 % dá bhforáiltear in Airteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, a úsáidtear chun críche na ríomhanna tearcdhíola sa Rialachán cinntitheach.

(34) Mar achoimre, tháinig meath ar tháscairí áirithe le linn na tréimhse anailíse i gcomparáid leis an gcéad seimeastar de 2021 (méideanna na ndíolachán, táirgeacht), cé go bhfuil feabhas ar tháscairí eile (praghsanna, brabúsacht). Ar an iomlán, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn na tréimhse anailíse.

### 2.3. **Staid na n-úsáideoirí**

(35) D'áitigh na húsáideoirí go raibh siad i bhfabhar an fhionraí a fhadú, ar an bhforas go bhfuil coinníollacha an fhionraí fós bailí.

(36) Thug an Coimisiún dá aire, áfach, go bhfuil athrú tagtha ar an staid shealadach a bhí ann tráth na fionraí mar a léirítear in aithrisí (13) - (23) thuas.

(37) D'áitigh roinnt úsáideoirí freisin gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le fionraí i ndáil leis na táirgí sonracha cothromrollta alúmanaim a úsáideann siad, ós rud é go líomhnaítear go bhfuil easpa soláthair fós ann maidir leis na táirgí sin. D'athdhearbhaigh siad a maíomh tar éis an nochta agus d'áitigh siad gur cheart síneadh a chur leis an bhfionraí i gcás na dtáirgí i dtrácht. Mar sin féin, ní bhaineann na táirgí sin ach le mionlach d'iomlán na n-allmhairí agus foráiltear le hAirteagal 14(4) den bhun-Rialachán maidir le fionraí na mbeart a fhorchuirtear ar allmhairí an táirge lena mbaineann ina n-iomláine, seachas cuid díobh.

([13]) aithris (439) de.
([14]) aithris (438) de.
([15]) Is é Monatóir Alúmanaim CRU ó Mheitheamh 2022 (Fardail) foinse na sonraí do stoic an alúmanaim phríomhúil.

(38) D'áitigh na húsáideoirí freisin go bhfuil ganntanas soláthair fós san Aontas Eorpach go ginearálta agus go háirithe i gcás an táirge cothromrollta alúmanaim shonraigh a úsáideann siad, agus rachaidh an ganntanas sin in olcas má chuirtear deireadh leis an bhfionraí mar gheall ar na soláthairtí de thionscnamh na Síne a laghdú.

(39) Thug an Coimisiún dá aire, áfach, go bhfuil acmhainneacht thábhachtach bhreise fós ag tionscal an Aontais, rud atá, mar a mhínítear in aithris (28), ag teacht leis an acmhainneacht iarbhír/ghníomhach cheana féin. Rinne tionscal an Aontais méadú breise ar an acmhainneacht ó bhí an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh ann. Tá tionscal an Aontais ar an soláthróir is mó go mór fada ó thaobh sholáthar an táirge lena mbaineann do na húsáideoirí. Thug an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil foinsí malartacha soláthairtí ann, amhail an Tuirc agus tríú tíortha eile. Thairis sin, dheimhnigh roinnt úsáideoirí go bhfuil na hagaí seachadta i bhfad níos giorra i gcomparáid leis an gcéad seimeastar de 2021, mar a mhínítear in aithris (20). Ar deireadh, mar a léirítear in aithris (37), ní cheadaítear le hAirteagal 14(4) ach fionraí páirteach. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur tugadh aghaidh cheana féin ar na hiarrataí ar eisiamh sa Rialachán cinntitheach ([16]).

(40) Tar éis an nochta, mhaígh Valeo nár taispeánadh na horduithe a glacadh isteach sa leagan oscailte d'aighneachtaí thionscal an Aontais agus gur cheart don Choimisiún iad a fhíorú. Ina theannta sin, bhí an laghdú ar na horduithe a glacadh isteach ag teacht salach ar an bhfíoras go raibh an t-éileamh sa tréimhse anailíse níos airde ná mar a bhí sa chéad seimeastar de 2021 agus sa tréimhse imscrúdúcháin. Thug an Coimisiún faoi deara gur bhain glacadh isteach na n-orduithe le sonraí rúnda a bhain go sonrach le cuideachtaí agus nach raibh faoi réir a achoimrithe. Mar sin féin, chuir an Coimisiún a dhóthain sonraí ar fáil sa nochtadh chun cur ar chumas na bpáirtithe a gcearta cosanta a fheidhmiú agus chun a dtuairimí a thabhairt ar an treocht a ndéantar tuairisc uirthi. Chomh maith leis sin, a mhéid is féidir, rinne an Coimisiún cros-seiceáil ar chruinneas na faisnéise a soláthraíodh. Ar deireadh, i gcodarsnacht leis an méid a mhaíonn Valeo, mar a mhínítear in aithris (13) thuas, tháinig laghdú 13,5 % ar thomhaltas le linn na tréimhse anailíse i gcomparáid leis an gcéad seimeastar de 2021. Dá bhrí sin, 12 % is ea an laghdú ar glacadh isteach na n-orduithe, agus tá sé sin i gcomhréir leis an laghdú ar an éileamh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(41) Maidir leis an laghdú ar an aga seachadta, d'áitigh Valeo tar éis an nochta gur gá é sin a mheá i gcoinne an fhíorais nach bhfuil a lán úsáideoirí in ann AFRPanna a cheannach agus gur dhiúltaigh tionscal an Aontais do roinnt orduithe ionas go bhféadfadh siad na cainníochtaí teoranta a sholáthar a bhfuil acmhainneacht acu maidir leo laistigh de na hagaí seachadta forordaithe. Thug an Coimisiún faoi deara, ar an gcéad dul síos, nach raibh aon fhianaise ag tacú leis an maíomh sin. Ar an dara dul síos, tagann sé salach ar na dearbhuithe a rinne beagnach gach úsáideoir roimhe seo, le tacaíocht ó fhoinsí neamhspleácha ([17]), gur léiriú iad na hagaí seachadta méadaithe sin ar an éagothroime idir soláthar agus éileamh ar mhargadh an Aontais. Dá réir sin, ó tharla gur laghdaigh na hagaí seachadta sa tréimhse anailíse go dtí na gnáthleibhéil, ba gné é sin a chuir an feabhas ar an gcothromaíocht idir soláthar agus éileamh in iúl. Dá bharr sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(42) Tar éis an nochta, cheistigh úsáideoirí torthaí an Choimisiúin maidir le hinfhaighteacht soláthair de chineálacha sonracha táirgí ar mhargadh an Aontais agus an fhéidearthacht na cineálacha táirgí sin a fhoinsiú ó thríú tíortha eile.

(43) Maidir le ceist a bhaineann le soláthar AFRPanna teasmhalartóirí alúmanaim ("AHEX"), thug an Coimisiún faoi deara gur fhoinsigh an dá úsáideoir a thug barúil den nochtadh, is é sin TitanX agus Valeo, méideanna suntasacha ó thionscal an Aontais cheana féin. Ina theannta sin, bhain cuid den chomhfhreagras idir Valeo agus táirgeoirí de chuid an Aontais, mar a sholáthair Valeo, le caibidlíocht faoi sholáthairtí ó tháirgeoirí de chuid Aontais amach anseo, le haghaidh na tréimhse tar éis 2023. Bhí an chuma air go raibh formhór an chomhfhreagrais sin ag baint le ceisteanna faoi phraghsanna nua a chaibidliú agus ní ceisteanna acmhainneachta go sonrach, ná easpa acmhainneachta.

(44) D'áitigh Valeo freisin gur dhiúltaigh ceann dá sholáthraithe is mó cainníochtaí a comhaontaíodh cheana a sholáthar dó agus gur tharla tine a scrios a muileann nua aige le déanaí. Mar sin féin, chuir an soláthróir atá i gceist fianaise ar fáil gurb é Valeo nár chomhlíon a oibleagáidí conarthacha agus gur chealaigh na méideanna a comhaontaíodh cheana. Ós rud é go mbaineann sin le díospóid chonarthach shonrach idir an dá chuideachta, ní raibh an Coimisiún in ann teacht ar aon maidir leis an gceist ghinearálta a bhaineann le soláthar AHEX ar mhargadh an Aontais. Maidir leis an tine, níor léirigh an t-alt preasa a luaitear gur scriosadh an muileann go hiomlán. Os a choinne sin, dúirt sé go dtosóidh an muileann ag feidhmiú le moill cúpla mí (in ionad an dara leath de 2022, tosóidh sé in 2023). Thairis sin, mar a luaitear san airteagal céanna, ní bheidh tionchar aige sin ach ar mhéideanna nua agus ní ar na méideanna atá geallta cheana féin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(45) D'áitigh TITANX gur mhéadaigh an soláthróir is mó aige a phraghsanna agus nach raibh sé in ann teacht ar sholáthraithe breise san Aontas. Níor mhaígh sé, áfach, go raibh fadhbanna soláthairtí aige ón soláthraí is mó aige, agus níor chuir TITANX fianaise ar fáil maidir le diúltú soláthair ó sholáthróirí eile san Aontas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

([16]) Déileáladh le gach iarratas ar eisiamh táirgí i Roinn 2.2 den rialachán cinntitheach. Maidir le gach táirge seachas AFRPanna a úsáidtear chun cornaí brataithe agus painéil chomhchodacha alúmanaim a tháirgeadh (roinn 2.2.2 den rialachán céanna), ba é conclúid an Choimisiúin go bhfuil a dhóthain acmhainneachta táirgeachta ar mhargadh an Aontais agus, dá bhrí sin, dhiúltaigh sé do na hiarrataí ar tháirgí a eisiamh.

([17]) Féach aithris 36 agus fonóta 6 den Chinneadh fionraí.

(46) Maidir le hallmhairí AHEX ó thríú tíortha, thug an Coimisiún faoi deara go mbíodh sciar tábhachtach de thomhaltas iomlán an chineál táirge sin ag allmhairí AHEX ón Tuirc, ach nach raibh i gceist le hallmhairí AFRPanna de gach saghais ón Tuirc ach 2,2 % den sciar den mhargadh le linn na tréimhse anailíse, síos ó [5,9-6,3] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Níl aon fhianaise ar comhad nach féidir leis an Tuirc a cuid onnmhairí a mhéadú go dtí na leibhéil a bhí ann roimhe seo. I ndáil leis sin, níor thug an comhfhreagras ríomhphoist a chuir Valeo agus soláthróir Turcach ar fáil le fios go raibh aon fhadhb soláthair ann maidir leis an soláthróir Turcach.

(47) Ar deireadh, úsáidtear AHEX in san earnáil mótarfheithiclí. Mar a léirítear san aithris (71) thíos, bhí scrogaill san earnáil sin agus tháinig laghdú sealadach ar an éileamh, rud a d'fhág go raibh laghdú ar an éileamh ar AHEX freisin. Dheimhnigh an fhianaise a sholáthair EA go raibh laghdú ar orduithe AHEX, faoi bhun na gcainníochtaí a socraíodh de réir conartha cheana féin, le linn na tréimhse anailíse, ag na húsáideoirí Valeo, Mahle agus Marelli, mar gheall ar an gcúngú sin ar an éileamh ([18]).

(48) I bhfianaise an mhéid thuas, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh maidir le heaspa soláthair AHEX a bheith ann faoi láthair.

(49) Maidir le AFRPanna lena n-úsáid i dtáirgeadh toilleoirí leictrealaíocha alúmanaim, tar éis an nochta, d'áitigh SATMA agus TDK Hungary nach bhfuil aon táirgeoir san Aontas a dhéanann an cineál táirge sin, nach féidir an Tuirc a bheith ina foinse soláthair toisc nach dtáirgtear an cineál táirge sin ansin, agus gur scoir táirgeoirí na Seapáine den táirgeadh in 2021. Mar sin féin, níor chuir SATMA aon fhianaise thacaíochta ar fáil lena léiriú gur chuir an tSeapáin, a bhí i gcónaí ina foinse mhór soláthair den chineál táirge seo, deireadh lena tháirgeadh. Thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh tionscadal leanúnach ann chun táirgeadh a atosú san Aontas. Ar deireadh, is codán an-bheag é an cineál táirge sin de thomhaltas iomlán AFRPanna san Aontas agus, mar a mhínítear in aithris (39) thuas, faoi Airteagal 14(4), ní féidir bearta a chur ar fionraí i gcás cineálacha sonracha táirgí amháin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(50) Thuairiscigh na húsáideoirí freisin maidir leis na deacrachtaí airgeadais is dócha a bheidh ag roinnt cuideachtaí nó aonaid táirgthe iartheachtacha i gcás ina n-athbhunófaí na dleachtanna. Thug siad rabhadh faoin bhféidearthacht go ndúnfaí suíomhanna táirgthe san Aontas.

(51) I ndáil leis sin, rinne an Coimisiún tagairt dá chinntí in aithrisí 532-548 den Rialachán cinntitheach, inar chinn sé nach mbeadh forchur na mbeart i gcoinne leasanna na n-úsáideoirí toisc go n-imreofaí tionchar teoranta ar staid airgeadais na n-úsáideoirí. Thairis sin, le linn na tréimhse fionraíochta, bhí am ag na húsáideoirí a n-aonaid táirgthe a oiriúnú d'fhoinsí eile soláthair.

(52) Thairis sin, mar a léirítear in aithris (75) den Chinneadh fionraí, mheas an Coimisiún gur thug an tréimhse fionraíochta 9 mhí tréimhse bhreise d'úsáideoirí, go háirithe dóibh siúd a d'iarr go n-eisiafaí táirgí áirithe, chun táirgeoirí an Aontais a bhailíochtú nó a athbhailíochtú. Is cosúil go bhfuil atreorú na n-úsáideoirí chuig soláthairtí ó thionscal an Aontais deimhnithe ós rud é gur ghnóthaigh tionscal an Aontais sciar den mhargadh le linn an bhuaic-éilimh sa chéad seimeastar de 2021 agus gur choinnigh sé an sciar céanna den mhargadh le linn na tréimhse anailíse.

### 2.4. **Staid na n-allmhaireoirí agus na dtrádálaithe**

(53) EURANIMI, comhlachas Eorpach na n-allmhaireoirí neamhspleácha agus na ndáileoirí neamhspleácha alúmanaim agus/nó cruach dosmálta agus sé chomhalta dá gcomhaltaí, thug siad a mbarúlacha den fhorbairtí sa mhargadh agus den fhionraí. Bhí siad i bhfabhar an fionraí a choinneáil ar bun.

(54) Tharraing siad aird den chuid is mó ar an staid reatha ina bhfuil géarghanntanas alúmanaim ann agus ar an mbaol atá ann do mhonaróirí iartheachtacha freisin, agus an baol ann dóibh go gcaillfidís a n-iomaíochas. Thug an Coimisiún aghaidh ar an maíomh sin cheana féin in aithris (51).

## 3. **AN DÓCHÚLACHT GO dTARLÓIDH AN DÍOBHÁIL ARÍS MAR GHEALL AR SHÍNEADH A CHUR LEIS AN bhFIONRAÍ**

(55) Mar a luaitear in aithris (34), is cosúil go bhfuil tionscal an Aontais i staid ina bhfuil roinnt treochtaí dearfacha tar éis éirí marbhánta, sin nó a bhfuil malairt de threocht atá ann anois. Tháinig meath ar táscairí áirithe le linn na tréimhse anailíse i gcomparáid leis an gcéad seimeastar de 2021 (méideanna na ndíolachán, táirgeacht), cé go bhfuil feabhas ar tháscairí eile (praghsanna, brabúsacht). Ar an iomlán, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn na tréimhse anailíse. Rinne an Coimisiún measúnú lena fháil amach an dócha go dtarlóidh an díobháil arís mar thoradh ar shíneadh a chur leis an bhfionraí. Rinneadh anailís ar dhá thoisc go háirithe: éabhlóid na n-allmhairí Síneacha agus na forbairtí is déanaí sa mhargadh.

([18]) t21.006374.

### 3.1. **Éabhlóid na n-allmhairí ón tSín**

(56) D'ísligh an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín ó 8 % sa tréimhse imscrúdúcháin go dtí 2,2 % sa chéad seimeastar de 2021, ach ina dhiaidh sin mhéadaigh siad 49 % chun 3,2 % a shroicheadh sa tréimhse anailíse. Léirigh an anailís a rinneadh ar allmhairí ón tSín i mí Feabhra agus mí an Mhárta 2022 áfach gur tharla méadú tapa ina leith, rud ba chúis le sciar den mhargadh de bhreis agus 6,0 % i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2022, méid a bhí cóngarach don sciar den mhargadh a bhí ann sa tréimhse imscrúdúcháin.

*Tábla 1*

**Allmhairí ón tSín le linn na tréimhse anailíse (i dtonaí)**

| | An tréimhse anailíse | | | | | | | | Tar éis na tréimhse anailíse | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Méid na n-allmhairí ón tír lena mbaineann | Iúil 2021 | Lúnas-a 2021 | Meán Fóm-hair 2021 | Deir-eadh Fóm-hair 2021 | Sam-hain 2021 | Nol-laig 2021 | Eanáir 2022 | Feabh-ra 2022 | Márta 2022 | Aibreán 2022 |
| | 2 905 | 3 224 | 4 852 | 5 639 | 6 134 | 4 292 | 9 300 | 12 818 | 13 832 | 14 027 |
| *Innéacs* | *100* | *111* | *167* | *194* | *211* | *148* | *320* | *441* | *476* | *482* |

*Foinse*: Eurostat (tréimhse anailíse) agus bunachar sonraí Surveillance (tar éis na tréimhse anailíse)

(57) Is mar seo a leanas a d'fhorbair na méideanna: tháinig laghdú mór ar allmhairí ón tSín sa tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdúcháin ó 171 240 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin go dtí 56 470 tona sa bhliain tar éis na tréimhse imscrúdúcháin. Ina dhiaidh sin, mhéadaigh na hallmhairí arís go dtí 73 752 thona le linn na tréimhse anailíse (an meán le haghaidh na 8 mí, bliantúlaithe), ach mar sin féin d'fhan sé faoi bhun leibhéil na tréimhse imscrúdúcháin agus leibhéil 2017 (thart ar 100 000 i gcás 2017). Ag tús 2022, lean allmhairí de mhéadú (11 000 tona ar bhonn míosúil le haghaidh mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2022 – is é sin 132 000 tona ar bhonn bliantúil – agus 14 027 tona le haghaidh mhí Aibreáin 2022 – níos mó ná 168 000 tona ar bhonn bliantúil).

(58) Tháinig méadú suntasach ar phraghsanna na n-allmhairí ón tSín, i gcomhthéacs ardú ar phraghsanna ionchuir chomh maith le costais iompair níos airde. Murab ionann agus an méid a mhaígh roinnt páirtithe leasmhara tar éis an nochta, níorbh fhéidir an méadú sin ar an bpraghas a mheas ina aonar agus ba ghá féachaint air ó thaobh peirspictíochta de agus é a chur i gcomparáid le praghsanna agus costais eile, amhail praghsanna díola an Aontais.

(59) Ba é 17,3 % an leibhéal sladghearrtha a bhí ann le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig méadú de réir a chéile ar an mbearna sa phraghas idir praghsanna allmhairiúcháin na Síne agus praghsanna díola thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar a léirítear i dtábla 2 thíos. Dá bhrí sin, bhí praghsanna allmhairiúcháin níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais (ar leibhéal 4-5 %) in Eanáir-Feabhra 2022.

(60) Léirigh an méid thuas nár tháinig méadú láithreach ar allmhairí ón tSín tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, ach mhéadaigh siad de réir a chéile le linn na tréimhse anailíse agus arís eile fiú sna míonna tar éis na tréimhse anailíse, agus ba bheag nár shroich siad meánmhéideanna míosúla na tréimhse imscrúdúcháin i gcomhthéacs an laghdaithe ar thomhaltas i gcomparáid leis an gcéad seimeastar de 2021. Thug an Coimisiún dá aire gur saintréith de staid ghinearálta earnáil na monaraíochta sa tSín í éiginnteachtaí a bhaineann leis na ráigeanna de COVID-19, an beartas um smacht iomlán a chur ar COVID agus a iarmhairt ar gheilleagar na Síne. Bhain cúngú ginearálta le gníomhaíocht monarchan Shíneach le mí an Mhárta agus mí Aibreáin 2022. Bhí meath ag teacht ar aschuir tionsclaíoch, orduithe, fostaíocht agus tháinig méadú breise ar riaráistí agus amanna seachadta. In ainneoin na bhfadhbanna sin, áfach, tháinig méadú leanúnach ar allmhairí an táirge ón tSín le linn na tréimhse anailíse, go háirithe in Eanáir-Aibreán 2022. San am céanna, tháinig laghdú ar phraghsanna agus tháinig méadú ar an mbearna le praghsanna díola thionscal san Aontas, mar a léirítear i dtábla 2 thíos. Dá bhrí sin, in ainneoin cúngú a bhain le COVID i monaraíocht na Síne, bhí allmhairí ón tSín ag téarnamh le linn na tréimhse anailíse, agus tar éis tréimhse coigeartaithe breise, tháinig méadú breise ar allmhairí ón tSín chuig an Aontas.

*Tábla 2*

**Comparáid praghsanna le linn na tréimhse anailíse (de réir EUR/tona)**

| | An tréimhse anailíse | | | | | | | | Tar éis na tréimhse anailíse | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Iúil 2021 | Lúnasa 2021 | Meán Fómhair 2021 | Deireadh Fómhair 2021 | Samhain 2021 | Nollaig 2021 | Eanáir 2022 | Feabhra 2022 | Márta 2022 | Aibreán 2022 |
| Praghsanna allmhairiúcháin ón tír lena mbaineann | 3 051 | 3 135 | 3 334 | 3 453 | 3 398 | 3 592 | 3 753 | 3 871 | 3 799 | 3 967 |
| *Innéacs* | *100* | *103* | *109* | *113* | *111* | *118* | *123* | *127* | *125* | *130* |
| Praghsanna díola san Aontas | 3 065 | 3 137 | 3 335 | 3 507 | 3 686 | 3 705 | 3 915 | 4 077 | - | - |
| *Innéacs* | *100* | *102* | *109* | *114* | *120* | *121* | *128* | *133* | | |

*Foinse*: Eurostat (tréimhse anailíse), bunachar sonraí Surveillance (tréimhse tar éis na tréimhse anailíse), táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(61) Tar éis an nochta, mhaígh Airoldi i dtús go raibh anailís an Choimisiúin ar allmhairí ón tSín mícheart ós rud é, de réir na sonraí allmhairiúcháin a soláthraíodh ina aighneacht, nár tháinig méadú ar allmhairí Síneacha, agus gur tháinig méadú ar phraghsanna allmhairiúcháin Síneacha. Ar an dara dul síos, mhaígh Airoldi gur cheart anailís a dhéanamh ar an treocht allmhairiúcháin i gcomhréir le 2021 agus nár cheart an méadú ar allmhairí a chur san áireamh i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2022, ós rud é gur chuir eachtraí urghnácha ghéarchéim na hÚcráine isteach orthu. Ar an tríú dul síos, maidir le praghsanna, mhaígh Airoldi go bhfuil praghsanna Síneacha i gcomhréir le praghsanna díola AE agus gur cheart coigeartú a dhéanamh ar na hallmhairí ón tSín de bharr na gcostas iompair in anailís an Choimisiúin.

(62) Maidir leis an gcéad mhaíomh, thug an Coimisiún dá aire go raibh maíomh Airoldi mícheart toisc go raibh sé bunaithe ar an leibhéal AC i bhfad níos leithne (8 ndigit), agus go raibh anailís an Choimisiúin bunaithe ar staitisticí ar leibhéal TARIC (10 ndigit), nach raibh ach an táirge lena mbaineann i gceist leis.

(63) Maidir leis na tréimhsí a cuireadh i gcomparáid le chéile, mheabhraigh an Coimisiún gur bhain cuid den bhliain tar éis na tréimhse imscrúdúcháin (1 Iúil 2020-30 Meitheamh 2021) agus cuid den tréimhse anailíse araon leis an mbliain 2021. Dá bhrí sin, ní féidir meán a shuí le haghaidh bhliain iomlán 2021 trí comparáid a dhéanamh idir an éabhlóid idir an chéad leath de 2021 agus an tréimhse anailíse, ós rud é go mbaineann an dá sheimeastar de 2021 le tréimhsí tagartha éagsúla. Dá bhrí sin, aon chomparáid a dhéantar idir na treochtaí allmhairiúcháin sa tréimhse anailíse agus in 2021, ní bheadh ciall léi agus ní bheadh sé iontaofa. De réir eisiamh mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2022, níor thug Airoldi aon mhíniú ná aon údar maidir le tionchar na géarchéime san Úcráin, seachas a áitiú gur rud neamhghnách a bhí ann.

(64) Maidir leis na praghsanna, i gcoinne an mhéid a mhaígh Airoldi, mar a míníodh in aithris (60), méadaíodh an bhearna idir praghsanna allmhairí ón tSín agus praghsanna an Aontais le linn na tréimhse anailíse. Ar deireadh, maidir leis na coigeartuithe iompair, mheabhraigh an Coimisiún go mbailítear an staidreamh allmhairiúcháin ar leibhéal CAL, agus ar an gcaoi sin léirítear cuid shuntasach de na costais iompair sa phraghas. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(65) Tar éis an nochta, mhaígh EURANIMI go raibh nasc idir an méadú a tháinig ar allmhairí ón tSín le déanaí agus an tuar go gcuirfí deireadh leis an bhfionraí agus go ndearnadh na hallmhairí sin faoi choinníollacha praghais atá cosúil le coinníollacha praghsanna na dtáirgeoirí Eorpacha. Thug an Coimisiún dá aire go raibh tionchar ag roinnt tosca ar leibhéal na n-allmhairí ón tSín agus go bhféadfadh sé go mbeadh fionraí na mbeart ar cheann de na tosca sin. Maidir le leibhéal na bpraghsanna, thug an Coimisiún dá aire, nuair a bhí meánphraghsanna díola tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus meánphraghsanna allmhairiúcháin ón tSín á gcur i gcomparáid le chéile, go raibh na meánphraghsanna sin níos ísle le linn na tréimhse anailíse ar fad.

(66) Tar éis an nochta, mhaígh Lodec nach raibh leibhéal an sciar den mhargadh a bhain allmhairí Síneacha amach mar aon leis na praghsanna níos ísle ina bhagairt do thionscal an Aontais ós rud é go líomhnaítear gur toradh é sin ar shaormhargadh ina bhfuil táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne níos iomaíche. Ar an gcaoi chéanna, mhaígh SATMA nár chruthaigh an Coimisiún gur bhain díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí ó scragaill alúmanaim a úsáidtear chun toilleoirí alúmanaim a tháirgeadh, de bhrí go líomhnaítear nach bhfuil aon táirgeadh san Aontas.

(67) Thug an Coimisiún faoi deara go ndearnadh anailís ar chúisíocht sa Rialachán cinntitheach. Bhí an Coimisiún in ann conclúid a dhéanamh go raibh an táirge lena mbaineann ina chúis díobhála do thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Ní raibh aon fhianaise ann a thabharfadh le fios dá mba rud é nach raibh ann a thuilleadh do na coinníollacha a thug ar an gCoimisiún bailiúcháin na mbeart cinntitheach a chur ar fionraí, go mbeadh deireadh leis an gcaol cúisíoch sin idir na táirgí allmhairithe agus díolacháin an Aontais, sin nó go mbréagnófaí na torthaí cúisíochta ar bhealach eile idir an dá linn. Thairis sin, ba cheart do Lodec na maímh sin a thabhairt chun cinn ag céim an imscrúdaithe bunaidh lenar forchuireadh na bearta cinntitheacha. Ar deireadh, rinneadh an anailís chúisíochta sin don táirge ina iomláine, agus ní raibh aon oibleagáid ann an anailís a dhéanamh ar bhonn cineál sonrach táirge. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh.

(68) Mhaígh Lodec agus EURANIMI, i gcás cineálacha áirithe táirgí, go gcruthófaí ganntanais bhreise i margadh an Aontais dá gcuirfí deireadh le hallmhairí ón Rúis, agus gur cheart don Choimisiún aghaidh a thabhairt air sin le bearta maolaitheacha áirithe. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, gurb ionann allmhairí an táirge lena mbaineann ón Rúis agus cuid dhiomaibhseach de thomhaltas an Aontais, agus gur lú a sciar den mhargadh ná 0,5 % le linn na tréimhse tar éis na tréimhse imscrúdúcháin agus na tréimhse anailíse. Dá bhrí sin, níor measadh go raibh aon tionchar suntasach ag baint leis na hathruithe ar mhéid na n-allmhairí ón Rúis. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

### 3.2. **Na forbairtí margaidh is déanaí**

(69) Níl an todhchaí cinnte, agus tá fachtóirí éagsúla ann a mbíonn tionchar acu ar an margadh. Ní mhairfidh stoc-charnadh toisc gur freagra sealadach a bhí ann ar na héiginnteachtaí a bhain leis an ionradh ar an Úcráin. Ina theannta sin, is príomhathróga iad na méaduithe ar na praghsanna amhábhar agus fuinnimh, a bhfuil tionchar mór ag téarnamh iar-COVID-19 orthu agus, ó mhí Feabhra 2022, mar gheall ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, ionsaí gan chúis gan údar.

(70) A mhéid a bhaineann leis an éileamh san earnáil tógála, cé go bhfuil sé láidir i gcónaí, is cosúil go bhféadfadh sé go gcuirfí bac ar thionscadail nua de bharr an mhéadaithe ar phraghsanna amhábhar agus de bharr méaduithe a d'fhéadfadh teacht ar rátaí úis, agus go bhféadfaí éileamh a mhaolú dá bhrí sin ([19]).

(71) Maidir leis an táirgeacht sa tionscal mótarfheithiclí, seans go sroichfidh sé gnáthleibhéil arís go luath amach anseo. Sa ghearrthéarma, áfach, bhí tionchar diúltach ar éileamh an tionscail mótarfheithiclí mar gheall ar easpa seolta sreanga ón Úcráin agus ganntanas sliseanna ar fud an domhain ([20]). Táthar ag súil le go leanfaidh ganntanas sin ar aghaidh ar a laghad go ceann tamaill in 2022 ([21]).

(72) Dar le réamhaisnéisí EA, tiocfaidh laghdú ar an margadh foriomlán sna míonna amach romhainn. Thuar EA go dtiocfadh laghdú 3,8 % ar dhíolacháin le haghaidh an chéad seimeastair de 2022 i gcomparáid leis an tréimhse anailíse, agus go mbeadh laghdú 5,7 % ar tháirgeacht. Bhí sé sin bunaithe ar mheascán de laghdú tomhaltais ón tionscal mótarfheithiclí agus ar mhéadú suntasach ar allmhairí ón tSín. Thug an Coimisiún faoi deara gur mheas Eurofer go dtiocfaidh méadú ar an earnáil mótarfheithiclí in 2022 ach go mbeidh sí marbhánta in 2023 ([22]). Mar sin féin, tá tionchar ag roinnt athróga anaithnide ar réamhaisnéis Eurofer le haghaidh 2022: méid na rioscaí reatha ar an taobh síos a eascróidh as ganntanas leanúnach na leathsheoltóirí; laghdú féideartha ar an éileamh i bhfianaise éiginnteachtaí eacnamaíocha atá ag dul i méid i gcás cogadh fada a bheith ann san Úcráin; ioncam indiúscartha marbhánta na gcustaiméirí (san Aontas) agus ardbhoilsciú fuinnimh agus amhábhar; agus an t-éileamh fáis i margaí móra onnmhairiúcháin an Aontais (an Ríocht Aontaithe, SAM, an tSín agus an Tuirc), atá caolaithe faoi láthair. Dá bhrí sin, tá an t-éileamh ar an earnáil mótarfheithiclí neamhchinnte fós.

(73) Rinne an Coimisiún anailís freisin an ndearna ionsaí míleata gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin agus na smachtbhannaí ar an Rúis, tionchar ar shlabhra soláthair thionscal an Aontais. Faoi láthair, ní chuireann aon cheann de na smachtbhannaí ná de na bearta eile cosc ar onnmhairiú táirgí alúmanaim ón Rúis go dtí an tAontas Eorpach. Ina theannta sin, tá foinsí eile soláthair ag tionscal an Aontais seachas an Rúis. Dá bhrí sin, níor aimsigh an

([19]) Tuarascáil CRU, Márta 2022.
([20]) Dar le ACEA, laghdaigh clárú na ngluaisteán nua 12,3 % sa chéad seimeastar de 2022 https://www.acea.auto/pc-registrations/passenger-car-registrations-12-3-first-quarter-of-2022-20-5-in-march/.
([21]) https://www.autocar.co.uk/car-news/business-tech%2C-development-and-manufacturing/latest-updates-semiconductor-chip-crisis; https://www.bbc.com/news/business-60313571.
([22]) https://www.eurofer.eu/assets/publications/economic-market-outlook/economic-and-steel-market-outlook-2022-2023-first-quarter-2/EUROFER_ECONOMIC_REPORT_Q2_2022-23_final.pdf

Coimisiún aon fhianaise fhollasach go raibh tionchar ag na smachtbhannaí ar an Rúis ar shlabhra soláthair thionscal an Aontais sa mhéid go mbeadh sé ábhartha i ndáil leis an anailís ar an tionchar a bhainfeadh le deireadh a chur leis an bhfionraí. Mar sin féin, smachtbhannaí a chuireann cosc ar bhainc áirithe córas íocaíochtaí SWIFT a úsáid, d'fhéadfaidís dúshláin a chruthú, faoi mar a d'fhéadfadh an chaoi a bhfuil deireadh iomlán curtha ag cuideachtaí lasta áirithe le loingseoireacht coimeádán go dtí an Rúis agus uaithi. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag cur i bhfeidhm smachtbhannaí ar Rúisigh áirithe a bhfuil leasanna acu san earnáil sin. Dá bhrí sin, cuireann an staid sin leis an éiginnteacht maidir leis an gcaoi a bhféadfadh staid an mhargaidh forbairt sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.

### 3.3. **Conclúid maidir le cé acu is dócha nó nach dócha go dtarlóidh an díobháil arís**

(74) Tar éis an fheabhais a tháinig ar fheidhmíocht thionscal an Aontais sa chéad seimeastar de 2021 i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin, d'fhan staid eacnamaíoch an tionscail sin cobhsaí go maith le linn na tréimhse anailíse, cé go ndeachaigh táscairí díobhála áirithe in olcas. Dá bhrí sin, cé go raibh an sciar den margadh ag tionscal an Aontais cobhsaí fós, tháinig laghdú suntasach 12,8 % ar na méideanna díolachán, cé gur tháinig laghdú beag ar an táirgeacht agus ar an acmhainneacht, laghdú 2 % agus 1,3 % faoi seach. Tháinig feabhas ar bhrabúsacht agus shroich sí 2,8 % sa tréimhse anailíse, rud atá fós níos ísle ná an bhliain tagartha 2017 áfach agus atá i bhfad faoi bhun an bhrabúis íosta de 6 % a úsáidtear chun críocha an tearcdhíola a ríomh.

(75) Go háirithe, níl ionchais dhearfacha ann maidir le tionscal an Aontais tar éis na tréimhse anailíse. Tháinig laghdú 12 % ar líon na n-orduithe a glacadh isteach i gcás táirge lena mbaineann sa tréimhse anailíse, i gcomparáid leis an gcéad seimeastar de 2021 agus laghdú 2 % a bhí ann i gcomparáid leis an tréimhse imscrúdúcháin (tráth a léiríodh go raibh tionscal an Aontais i staid dhíobhálach). Dá bhrí sin, murab ionann agus na torthaí a leagtar amach in aithris 49 den Chinneadh fionraí, níl tionscal an Aontais curtha in áirithe go hiomlán a thuilleadh le haghaidh na míonna atá le teacht agus níl an leibhéal gníomhaíochta a bheidh aige amach anseo cinnte. Shroich an tomhaltas a bhuaicleibhéal sa chéad seimeastar de 2021 agus ansin tháinig laghdú 13,5 % le linn na tréimhse anailíse. Dheimhnigh an laghdú ar na horduithe a glacadh isteach agus an laghdú mór ar agaí seachadta é sin. Sna míonna atá romhainn, ní mheastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh de bharr éiginnteachtaí an éilimh san earnáil monaraíochta gluaisteán agus san earnáil tógála, mar aon leis an méadú breise a bhfuil coinne leis ar chostais na bpríomhionchur. Ar deireadh, i gcomhthéacs na cothromaíochta idir soláthar agus éileamh a bheith ag dul i bhfeabhas, bheadh níos lú cumhachta margála ag tionscal an Aontais i socrú na bpraghsanna, agus bheadh tionchar diúltach ar fheidhmiú eacnamaíoch an tionscail sin dá bhrí sin.

(76) San am céanna, tháinig méadú leanúnach agus suntasach ar allmhairí Síneacha le linn na tréimhse anailíse, agus níos mó fós sa dá mhí tar éis na, ag praghsanna atá níos ísle ná meánphraghsanna thionscal an Aontais. Go háirithe, tháinig méadú de réir a chéile ar an mbearna phraghais idir praghsanna allmhairiúcháin na Síne agus praghsanna díola thionscal an Aontais le linn na tréimhse anailíse. Tharla sé sin d'ainneoin an mhéadaithe ar chostais iompair idirnáisiúnta agus na scrogaill i seachadtaí a luaigh úsáideoirí, agus na deacrachtaí a bhaineann le COVID a mbíonn tionchar acu go ginearálta ar mhonaróirí Síneacha. An treocht shuntasach a bhí ann le déanaí maidir le méadú mear ar allmhairí Síneacha, is dócha go leanfaidh sí de bheith ann amach anseo agus go mbeidh an staid chéanna a breathnaíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh ann mar thoradh uirthi, má leanfar d'fhionraí na mbeart. In éineacht leis an méadú breise a bhfuil coinne leis ar chostais agus ar éiginnteachtaí ó thaobh an éilimh de, is léir go mbeadh drochthionchar ag allmhairí ar phraghsanna níos ísle ón tSín ar fheidhmíocht eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(77) I bhfianaise na hanailíse thuas, ba é conclúid an Choimisiún nach amhlaidh a thuilleadh nach dócha go dtarlóidh an díobháil arís do thionscal an Aontais i gcás ina gcuirfí síneadh le fionraí reatha na ndleachtanna frithdhumpála,

## 4. **CONCLÚID**

(78) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhargadh le linn na tréimhse anailíse, na forbairtí dóchúla go luath amach anseo, staid thionscal an Aontais, agus tuairimí na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil na coinníollacha maidir le síneadh a chur le fionraí na mbeart á gcomhlíonadh a thuilleadh. I ndáil leis sin, mheabhraigh an Coimisiún gur beart eisceachtúil é bailiú na ndleachtanna frithdhumpála a chur ar fionraí i bhfianaise na rialach ginearálta dá bhforáiltear sa bhun-Rialachán.

(79) Dá bhrí sin, in éagmais aon cheann de na gnéithe riachtanacha, agus i bhfianaise thuairimí na bpáirtithe uile, chinn an Coimisiún gan síneadh a chur le fionraí na ndleachtanna frithdhumpála ar allmhairí AFRPanna de thionscnamh na Síne. Dá bhrí sin, ba cheart na dleachtanna a athbhunú nuair a thiocfaidh deireadh le cur i bhfeidhm an Chinnidh fionraí (ón 12 Iúil 2022 i leith).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Fionraí na ndleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne arna forchur le hAirteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1788, ní chuirtear síneadh breise leis an bhfionraí sin.

*Airteagal 2*

An dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1784 ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, athbhunaítear í leis seo ón 12 Iúil 2022 i leith.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN